Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Feabhra 2023
(OR. en)

6077/23

CO EUR-PREP 5

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (23 agus 24 Márta 2023)<br>– Dréacht-Chlár Oibre anótáilte |

*I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát a bhfuil Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige agus le hUachtarán an Choimisiúin, le dréachtchlár oibre anótáilte a chur faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta.*

*Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchlár oibre anótáilte a thíolaic Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ina leagtar amach na príomhábhair a dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh orthu ag an gcruinniú thuas, mar a mheastar.*

*I bhfianaise an phlé deiridh a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta laistigh de chúig lá roimh an gcruinniú den Chomhairle Eorpach, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí leis an gclár oibre sealadach a dhréachtú.*

## I. AN ÚCRÁIN

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar gach gné de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ar thacaíocht leanúnach an Aontais don Úcráin agus do mhuintir na tíre sin.

## II. IOMAÍOCHAS, AN MARGADH AONAIR AGUS AN GEILLEAGAR

Ag eascairt as na conclúidí uaithi ó mhí na Nollag 2022 agus ó mhí Feabhra 2023, déanfaidh an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

- plé ar straitéis fhadtéarmach na hEorpa chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin táirgiúlacht agus chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an Mhargaidh Aonair;
- obair leantach a dhéanamh ar na conclúidí uaithi i mí Feabhra 2023 chun bonn eacnamaíoch, tionsclaíoch agus teicneolaíoch an Aontais a chur in oiriúint don aistriú glas agus don aistriú digiteach;
- plé straitéiseach a dhéanamh maidir le beartas trádála an Aontais;
- aghaidh a thabhairt ar an athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais;
- díriú ar thosaíochtaí do Sheimeastar Eorpach 2023 agus iarrfar uirthi an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a fhormhuiniú.

## III. FUINNEAMH

Déanfaidh an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta maidir lena conclúidí a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn ullmhú don gheimhreadh agus don tréimhse ina dhiaidh sin.

## IV. MÍREANNA EILE

Cuirfidh Uachtaránacht na Comhairle agus an Coimisiún an Chomhairle Eorpach ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta le cur chun feidhme na gconclúidí maidir leis an imirce an 9 Feabhra 2023.

I bhfianaise a dtarlóidh, féadfaidh sé go dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar shaincheisteanna sonracha a bhaineann leis an mbeartas eachtrach.